2026/1897

3.8.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1897 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 a mhéid a bhaineann le hábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT chun cineál nua idirghabhála a thabhairt isteach mar fhreagairt ar an méadú atá tagtha ar phraghsanna leasacháin mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 117 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2026/1768 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) leasaíodh Rialachán (AE) 2021/2115 trí chineál nua idirghabhála faoin bhforbairt tuaithe a thabhairt isteach, i measc nithe eile.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT.

(3) Le Rialachán (AE) 2026/1768, cuireadh isteach Airteagal 78b nua i Rialachán (AE) 2021/2115 lena dtugtar isteach cineál nua idirghabhála le haghaidh tacaíocht d'fheirmeoirí a ndéanann an méadú mór ar phraghsanna leasacháin mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear difear dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart pointe 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 a leasú chun an fhaisnéis a bhaineann go sonrach leis an gcineál sin idirghabhála a áireamh sna Pleananna Straitéiseacha CBT.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 a leasú dá réir sin.

(5) Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit idirghabháil nua a thabhairt isteach le haghaidh tacaíocht d'fheirmeoirí a ndéanann an méadú mór ar phraghsanna leasacháin mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear difear dóibh trí leasú straitéiseach ar na Pleananna Straitéiseacha CBT a iarraidh ina bhfuil an fhaisnéis uile is gá a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2026/1768 agus chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis uile is gá sna Pleananna Straitéiseacha CBT chun é a chur ar a chumas don Choimisiún measúnú agus próiseáil a dhéanamh ar iarrataí den sórt sin ar leasú straitéiseach agus ar fhógraí faoi leasuithe eile laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 119 de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Ós rud é go leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha a bhaineann le hábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2026/1768 chun cothrom iomaíochta agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do na Ballstáit, do na feirmeoirí agus do na páirtithe leasmhara lena mbaineann.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gComhbheartas Talmhaíochta,

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2026/1768 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le cineál sonrach idirghabhála chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an fhéidearthacht leithdháiltí íocaíochtaí díreacha a oiriúnú don bhliain féilire 2027 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialacha níos solúbtha maidir le réamhíocaíochtaí a íoc mar fhreagairt ar an méadú ar phraghsanna leasacháin mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear (IO L, 2026/1768, 21.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1768/oj.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise (IO L 458, 22.12.2021, lch. 463, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2289/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 22 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I roinn 5, pointe (f)(ii), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289, cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas:

'— le haghaidh idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 78b de Rialachán (AE) 2021/2115:

— léiriú ar an modheolaíocht chun costais bhreise leasachán agus meántomhaltas bliantúil leasachán in aghaidh an limistéir a ríomh, i gcás inarb ábhartha;

— tuairisc ar na forálacha chun an róchúiteamh a sheachaint;'.